Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Márta 2026
(OR. en)

6871/26
PV CONS 12
COMPET 257
IND 156
MI 195
RECH 90
ESPACE 34
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Iomaíochas (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás))

26 agus 27 Feabhra 2026

**<u>CRUINNIÚ DÉARDAOIN, AN 26 FEABHRA 2026</u>**

**1. An clár oibre a ghlacadh**

Ghlac <u>an Chomhairle</u> an clár oibre a leagtar amach in 6533/26.

<u>AN MARGADH INMHEÁNACH AGUS AN TIONSCLAÍOCHT</u>

**<u>Gníomhaíochtaí neamhreachtacha</u>**

2. Tuarascáil Bhliantúil 2026 ar an Margadh Aonair agus ar an Iomaíochas — 6185/26
*Seisiún tuairimíochta*

3. **Pleananna éigeandála le haghaidh athléimneacht thionsclaíoch: obair leantach ar Phleananna Gníomhaíochta Tionsclaíocha le haghaidh thionscail chruach, mhótarfheithiclí agus cheimiceán na hEorpa sa Chomhaontú maidir le tionsclaíocht ghlan** — [2] 6011/1/26 REV 1
*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag <u>an gComhairle</u>.

**4. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** — 6545/26

Ghlac <u>an Chomhairle</u> gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(b)** | **Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) | | 6546/26 |

**An Margadh Inmheánach agus an Tionsclaíocht**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1.** | **Treoir lena leasaítear Treoir 2014/32/AE maidir le huirlisí tomhais**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 25.2.2026 | ❶C | 6459/1/26 REV 1<br>+ ADD 1<br>PE-CONS 58/25<br>ENT |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE), agus Poblacht na Seice, an Ostair agus an tSualainn ag staonadh. Leagtar amach san Iarscríbhinn na ráitis ó Phoblacht na Seice agus ón Ostair a ghabhann leis an mír seo.

**Gnóthaí Ginearálta**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **2.** | **Rialachán maidir le dearaí an Aontais Eorpaigh (códú)**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 25.2.2026 | ❶C | 6382/26<br>PE-CONS 48/25<br>CODIF |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 118, an chéad mhír, CFAE).

**Iompar**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **3.** | **Rialachán maidir le cuntasaíocht a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair**<br>*Seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas faoi chúiseanna na Comhairle a ghlacadh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 25.2.2026 | ❶C | 6395/26<br>15614/25 + ADD 1<br>TRANS |

Ghlac an Chomhairle an seasamh uaithi ar an gcéad léamh, i gcomhréir le Airteagal 294(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle (bunús dlí: Airteagail 91(1) agus 100(2) CFAE).

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 5. | Conclúidí maidir le Clár Oibre 2030 do Thomhaltóirí<br>*Formheas* | | 6073/1/26 REV 1 |

**<u>Plé reachtach</u>**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

6. **Rialachán lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Iomaíochas: uirlis athléimneachta straitéisí do FBManna agus do shlabhraí luacha Eorpacha** ❶C 6010/26
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag <u>an gComhairle</u>.

**<u>Aon ghnó eile</u>**

7. (a) **Is bunchloch de Mhargadh Aonair dea-fheidhmiúil, athléimneach agus iomaíoch é beartas iomaíochta éifeachtach** 2 6480/1/26 REV 1
*Faisnéis ó Phoblacht na Seice, ón Eastóin, ó Éirinn, ón Laitvia, ón Rómáin, ón tSlóivéin agus ón bhFionlainn*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir Poblacht na Seice, an Eastóin, Éire an Laitvia, an Rómáin, an tSlóivéin agus an Fhionlainn ar fáil.

(b) **Tionscal ceimiceán na hEorpa a neartú agus a thodhchaí athléimneach a dhaingniú** 2 6484/26
*Faisnéis ón mBulgáir, ó Phoblacht na Seice, ón Iodáil, ón Ungáir, ón bPolainn, ón Rómáin, ón tSlóivéin agus ón tSlóvaic*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Bhulgáir, Poblacht na Seice, an Iodáil, an Ungáir, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic ar fáil.

(c) **Straitéis an Aontais i dtaobh an bhithgheilleagair** 2 16071/25
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

**(d) Gníomh lárnach II de chuid an Aontais um an mBith-theicneolaíocht ar mhaithe le hEoraip iomaíoch** ⚐ 6485/26
*Faisnéis ón Danmhairg*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Danmhairg ar fáil, le tacaíocht ón Eastóin, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón Ísiltír, ón bPortaingéil agus ón bhFionlainn.

**(e) Ár n-iomaíochas tionsclaíoch a chosaint trí chur chuige pragmatach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de faoi REDIII** ⚐ 6486/26
*Faisnéis ón mBeilg*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Bheilg ar fáil, le tacaíocht ó Phoblacht na Seice, ón Ungáir, ón bPolainn agus ón tSlóvaic.

**<u>CRUINNIÚ DÉ hAOINE, AN 27 FEABHRA 2026</u>**

<u>TAIGHDE</u>

**<u>Plé reachtach</u>**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**8. An Ciste Taighde um Ghual agus Cruach**

a) **Cinneadh ón gComhairle lena leagtar síos na bearta is gá le haghaidh chur chun feidhme Phrótacal Uimh. 37 maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus maidir leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach**
*Cur chuige ginearálta*

SC 6338/26
**+ COR 1 (sv)**
+ ADD 1

Tháinig <u>an Chomhairle</u> ar chur chuige ginearálta maidir leis an gCinneadh ón gComhairle lena leagtar síos na bearta is gá le haghaidh chur chun feidhme Phrótacal Uimh. 37 maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus maidir leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach.

**<u>Gníomhaíochtaí neamhreachtacha</u>**

**8. (<u>ar leanúint</u>) An Ciste Taighde um Ghual agus Cruach**

a) **Cinneadh ón gComhairle maidir le glacadh Chlár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach, maidir leis na treoirlínte teicniúla ilbhliantúla le haghaidh an chláir sin, maidir leis na treoirlínte airgeadais ilbhliantúla le haghaidh bhainistiú shócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach**
*Cur chuige ginearálta*
*Cinneadh dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa an athuair*

2C 6340/26 + ADD 1

Tháinig <u>an Chomhairle</u> ar chur chuige ginearálta maidir le glacadh Chlár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach, maidir leis na treoirlínte teicniúla ilbhliantúla le haghaidh an chláir sin, maidir leis na treoirlínte airgeadais ilbhliantúla le haghaidh bhainistiú shócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach.

Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir leis an gcinneadh dul i gcomhairle an athuair le Parlaimint na hEorpa.

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**9. An Pacáiste Fís Eorpach: Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht 2028-2034**

**a) An Clár Réime agus a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh** ❶ C 6133/26

**b) Clár Sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach** S C 6133/26

*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle.

**Aon ghnó eile**

**10. Tograí reachtacha reatha** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

**Conas sásra socraithe tosaíochtaí agus próiseas cinnteoireachta maidir le Taighde agus Nuálaíocht a áirithiú** ❶ C 6461/1/26 REV 1

*Faisnéis ón Spáinn, ón bhFrainc, ón gCróit, ón Iodáil, ón Liotuáin, ón Ungáir, ón Ostair, ón bPolainn, ón bPortaingéil agus ón tSlóivéin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ostair, an Chróit, an Fhrainc, an Ungáir, an Iodáil, an Liotuáin, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSlóivéin agus an Spáinn ar fáil. Ghlac an Ghearmáin agus an Rómáin páirt ó bhéal.

---

❶ An chéad léamh

S Nós imeachta reachtach speisialta

2 Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

C Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 6546/26**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** | **Treoir lena leasaítear Treoir 2014/32/AE maidir le huirlisí tomhais**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA SEICE**

'Tacaíonn Poblacht na Seice le cuspóir beartaithe an leasaithe theicniúil ar Threoir 2014/32/AE maidir le huirlisí tomhais (an "Treoir maidir le hUirlisí Tomhais"), arb é is aidhm di raon feidhme na Treorach a leathnú chun feistí nua a áireamh agus ceanglais fhíor-riachtanacha comhchuibhithe chomhfhreagracha a bhunú dóibh le nuashonrú teicniúil mear spriocdhírithe. Tá an nuashonrú sin ríthábhachtach don aistriú glas agus don aistriú digiteach agus léiríonn sé éabhlóid na dteicneolaíochtaí táirgthe agus dáileacháin fuinnimh san Aontas.

Mar sin féin, d'ainneoin an tseasaimh a ghlac Parlaimint na hEorpa an 10 Feabhra 2026, is oth le Poblacht na Seice go bhfuil saincheisteanna fós sa téacs comhréitigh deiridh a bhféadfadh éiginnteacht dhlíthiúil agus míthuiscint a bheith mar thoradh orthu.

Go sonrach, tá Poblacht na Seice fós buartha faoi na heasnaimh seo a leanas:

1. Easpa comhsheasmhachta frithpháirtí idir Iarscríbhinní V (Méadair ghníomhacha fuinnimh leictrigh) agus Iarscríbhinn Va (Córais tomhais le haghaidh trealamh soláthair le haghaidh feithiclí leictreacha);

2. Bearnaí teicniúla in Iarscríbhinn V (Méadair fuinnimh leictrigh ghníomhacha): Sna leasuithe a chumhdaíonn méadair fuinnimh leictrigh srutha dhírigh ('méadair fuinnimh leictrigh DC'), ní chuirtear san áireamh go hiomlán na difríochtaí idir méadair fuinnimh leictrigh SA agus DC. Thairis sin, tá ceanglais fhíor-riachtanacha maidir le tástáil leordhóthanach a dhéanamh ar mhéadair leictreachais in easnamh, agus níor áiríodh méadair fuinnimh leictrigh imoibríocha.

I bhfianaise an mhéid thuas, ní léirítear go hiomlán sa téacs deiridh an dul chun cinn teicneolaíoch atá déanta sna hearnálacha fuinnimh agus dáileacháin nua agus, dá bhrí sin, ní chomhlíontar leis go hiomlán cuspóir beartaithe an leasaithe theicniúil ar an Treoir maidir le hUirlisí Tomhais, agus d'fhéadfadh sé, dá thoradh sin, cosaint tomhaltóirí ar an margadh fuinnimh a lagú.

Staonann Poblacht na Seice, dá bhrí sin, ón vótáil maidir le glacadh théacs críochnaitheach na Treorach mar a leagtar amach in PE-CONS 58/25 é.'

**RÁITEAS ÓN OSTAIR**

'D'fhonn an margadh aonair a neartú agus tacú leis an aistriú digiteach agus an t-aistriú glas, tá sé ríthábhachtach plé nithiúil a dhéanamh ar thionscnaimh, amhail leasú reatha spriocdhírithe na Treorach maidir le hUirlisí Tomhais, ionas go n-áiritheofar trádáil trasteorann chothrom agus go gcoinneofar ar bun an méid céanna cosanta do shaoránaigh.

Tacaíonn an Ostair le cuspóirí bunúsacha an chomhaid reachtaigh atá á phlé. Dar leis an Ostair, tá sé tábhachtach go háirithe go gcuirfí forálacha chun feidhme go pras sna hiarscríbhinní teicniúla nua nó leasaithe.

Mar sin féin, ba mhaith leis an Ostair a chur in iúl, maidir leis an téacs leasaithe a bhaineann le 'ceanglais fhíor-riachtanacha' le haghaidh méadair chliste agus na ceanglais shonracha le haghaidh méadair leictreachais, nach gcomhlíontar go leordhóthanach na cuspóirí i dtaca le tomhas fuinnimh réamhbhreathnaitheach atá méadreolaíoch-slán, i gcomhréir leis na hoibleagáidí um fhaisnéis a bhaineann le tomhaltas fuinnimh úsáideoirí deiridh.

Cáineann an Ostair fós rialáil na n-idirthréimhsí agus na ceanglais le haghaidh méadair chliste agus staonann sí ón vótáil ar na cúiseanna seo a leanas:

- easpa soiléireachta maidir le raon feidhme na slándála méadreolaíche agus leis an rochtain atá ag úsáideoirí méadair tomhaltais ar fhaisnéis faoi thomhaltas fuinnimh nó gáis;
- éiginnteacht maidir leis an bhfreagracht as soláthar na rochtana sin ar fhaisnéis (cuid den uirlis tomhais nó oibleagáid ar oibreoirí gréasáin);
- athrú ar raon feidhme na Treorach maidir le méadair leictreachais mar gheall ar an athrú ar an sainmhíniú atá ar mhéadair leictreachais;

- deis le feabhsú i réimse chomhchuibhiú na bhforálacha atá neamhiomlán faoi láthair maidir le méadair leictreachais, rud a neartódh an margadh aonair a dhéanfadh an riarachán a shimpliú go mór.

Tá soiléiriú breise ag teastáil maidir leis na hoibleagáidí a bheadh i gceist le haitheantas i réimsí nár comhchuibhíodh fós.'